**An cheist a tharchuirtear**

I gcás nach bhféadfaidh Ballstáit úsáid a bhaint as an gcumhacht arna tabhairt faoi Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32/AE ([1]) chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú toisc é a bheith do-ghlactha i bhfianaise go bhfuil stádas dídeanaithe deonaithe i mBallstát eile toisc go gcuirfí an t-iarratasóir, mar gheall ar na dálaí maireachtála sa Bhallstát deireanach sin, i mbaol tromchúiseach d'íde atá mídhaonna nó táireach de réir bhrí Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an gcaithfear an dara habairt d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ([2]), an dara habairt d'Airteagal 4(1) agus Airteagal 13 de Threoir 2011/95/AE ([3]) agus Airteagal 10(2) agus (3) agus Airteagal 33(1) agus (2)(a) de Threoir 2013/32/AE a léiriú sa chaoi nach féidir le Ballstát, toisc go bhfuil stádas dídeanaithe deonaithe cheana féin, an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta atá curtha faoina bhráid a scrúdú go neamhchlaonta agus go gceanglaítear ar an mBallstát stádas dídeanaithe a dheonú don iarratasóir gan scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha substainteacha a bhaineann leis an gcosaint sin?

([1]) Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a thabhairt agus a tharraingt siar (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, lch. 60).

([2]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO 2013 L 180, lch. 31).

([3]) Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i ndáil le cáilíocht náisiúnach tríú tíortha nó daoine gan stát mar thairbhithe cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí agus inneachar na cosanta a thugtar (athmhúnlú) (IO 2011 L 337, lch. 9).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesgerichtshof (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Nollaig 2022 – Meta Platforms Ireland Limited v Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e.V.**

**(Cás C-757/22, Meta Platforms Ireland)**

(2023/C 104/19)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesgerichtshof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* Meta Platforms Ireland Limited

*Freagróir ar an achomharc:* Bundesverband der Verbraucherzentralen und Verbraucherverbände – Verbraucherzentrale Bundesverband e.V.

**An cheist a tharchuirtear**

An líomhnaítear go bhfuil ann do shárú ar chearta "mar thoradh ar an bpróiseáil" de réir bhrí Airteagal 80(2) de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán maidir le Cosaint Sonraí) ([1]) i gcás ina mbunaíonn comhlachas cosanta tomhaltóirí a chaingean ar shárú ar chearta an ábhair sonraí ar an bhforas nár comhlíonadh na hoibleagáidí faisnéise a leagtar síos sa chéad abairt d'Airteagal 12(1) de Rialachán 2016/679, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 13(1)(c) agus (e) de, maidir le críoch na próiseála sonraí agus faighteoir na sonraí pearsanta?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---